V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Naoú Dlísheomra) an 18 Eanáir 2022 – an Ungáir v an Coimisiún Eorpach**

**(Cás C-185/20 P)** ([1])

***(Achomharc – Airteagal 181 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnas – Caingean le haghaidh neamhniú – EAGF agus CETFT – Caiteachas eisiata ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh – Caiteachas na hUngáire)***

(2022/C 222/02)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Ungáir (ionadaithe: M.Z. Fehér agus G. Koós, Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: V. Bottka agus J. Aquilina, Gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil**

1. Déantar an t-achomharc a dhíbhe mar is léir go bhfuil sé neamh-inghlactha agus, go páirteach, gan bhunús go follasach.

2. Ordaítear don Ungáir na costais a íoc.

([1]) IO C 262, 10.08.2020

---

**Ordú na Cúirte (an Séú Dlísheomra) an 3 Márta 2022 – an Bord Réitigh Aonair v Hypo Vorarlberg Bank AG**

**(Cás C-663/20 P)** ([1])

***(Achomharc – Airteagal 182 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Aontas Baincéireachta – Sásra Réitigh Aonair (SRA) – Ciste Réitigh Aonair (CRA) – Ríomh na ranníocaíochtaí ex ante don bhliain 2017 – Fíordheimhniú cinnidh ón mBord Réitigh Aonair (BRA) – Dualgas na cúiseanna a lua – Sonraí rúnda)***

(2022/C 222/03)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Bord Réitigh Aonair (BRA) (ionadaithe: ar dtús P. A. Messina, J. Kerlin agus H. Ehlers, i gcáil Gníomhairí, le tacaíocht ó H.-G. Kamann agus P. Gey, Rechtsanwälte, agus ó F. Louis, avocat, agus ina dhiaidh sin J. Kerlin agus H. Ehlers, i gcáil Gníomhairí, le tacaíocht ó H.-G. Kamann agus P. Gey, Rechtsanwälte, agus ó F. Louis, avocat)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Hypo Vorarlberg Bank AG (ionadaithe: G. Eisenberger, agus A. Brenneis, Rechtsanwälte)

**An chuid oibríochtúil**

1. Cuirtear breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 23 Meán Fómhair 2020, Hypo Vorarlberg Bank/CRU (T-414/17, nár foilsíodh, EU:T:2020:437) ar neamhní.

2. Cuirtear Cinneadh an Bhoird Réitigh Aonair ina sheisiún feidhmiúcháin an 11 Aibreán 2017 maidir le ríomh na ranníocaíochtaí ex ante don bhliain 2017 leis an gCiste Réitigh Aonaigh (SRB/ES/SRF/2017/05), a mhéid a bhaineann le Hypo Vorarlberg Bank AG, ar neamhní.

3. Coinnítear éifeachtaí chinneadh an Bhoird Réitigh Aonair ina sheisiún feidhmiúcháin an 11 Aibreán 2017, ar ríomh na ranníocaíochtaí ex ante don bhliain 2017 leis an gCiste Réitigh Aonair (SRB/ES/SRF/2017/05), a mhéid a bhaineann le Hypo Vorarlberg Bank AG, go dtí go dtiocfaidh cinneadh nua ón mBord Réitigh Aonair i bhfeidhm, laistigh de thréimhse réasúnach ama, nach féidir a bheith níos faide ná sé mhí ó dháta seirbheála an ordaithe seo, lena socraítear ranníocaíocht ex ante na bunaíochta seo don bhliain 2017 leis an gCiste Réitigh Aonair.

4. Íocann an Bord Réitigh Aonair, i dteannta a chostais féin a bhaineann leis na himeachtaí céadchéime agus leis an achomharc, costais Hypo Vorarlberg Bank AG a bhaineann leis na himeachtaí céadchéime.

5. Íocann Hypo Vorarlberg Bank AG a chostais féin a bhaineann leis na himeachtaí achomhairc.

6. Ní gá a thuilleadh rialú a dhéanamh ar iarratas ó Ríocht na Spáinne chun idirghabháil a dhéanamh chun tacú le conclúidí an Bhoird Réitigh Aonair.

---

(1) IO C 44 an 08.02.2021

---

**Ordú na Cúirte (an Séú Dlísheomra) an 3 Márta 2022 – an Bord Réitigh Aonair (BRA) v Portigon AG, an Coimisiún Eorpach**

**(Cás C-664/20 P)** (1)

***(Achomharc – Airteagal 182 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Aontas Baincéireachta – Sásra Réitigh Aonair (SRA) – Ciste Réitigh Aonair (CRA) – Ríomh na ranníocaíochtaí ex ante don bhliain 2017 – Fíordheimhniú cinnidh ón mBord Réitigh Aonair (BRA) – Dualgas na cúiseanna a lua – Sonraí rúnda)***

(2022/C 222/04)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Bord Réitigh Aonair (BRA) (ionadaithe: ar dtús P. A. Messina agus J. Kerlin, i gcáil Gníomhairí, le tacaíocht ó H.-G. Kamann agus P. Gey, Rechtsanwälte, agus ó F. Louis, avocat, agus ina dhiaidh sin K. Jakub, i gcáil Gníomhaire, le tacaíocht ó H.-G. Kamann agus P. Gey, Rechtsanwälte, agus ó F. Louis, avocat)

*Páirthithe eile sna himeachtaí:* Portigon AG (ionadaithe: D. Bliesener, F. Geber agus V. Jungkind, Rechtsanwälte), an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: D. Triantafyllou, A. Nijenhuis agus A. Steiblytė, i gcáil Gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil**

1. Cuirtear breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 23 Meán Fómhair 2020, Portigon v CRU (T-420/17, nár foilsíodh, EU:T:2020:438), ar neamhní.